Turasóireacht Acla
Caiseal, Acaill, Co. Mhaigh Éo
Teil: 098 47353
www.achilltourism.com

Siúlóid F

Tá Dumhach Goirt suite ag bun Sliabh Mór. Is ann atá an t-ostán is sine in Acaill le fáil i. Ostán slievemore agus is anseo a thosnaíonn an tsiúlóid. Ag fágáil an carr-chlóis, iompaigh ar dheis agus tóg an chéad bhóthar eile ar chlé. Coinnigh ort ar feadh tuairim is 1.3km ag tabhairt faoi deara an dá chnoc ar do chiotóg. Tugtar Cruinneoc ar an gcnoc ó thuaidh atá 214m ar airde agus tá an cnoc níos fuide ó dheas 122m. Titeann an talamh idir an dá chnoc ag fagáil lag 50m ar airde.

Ag fágáil an bhóthair lean ort trasna an bhogaigh i dtreo an laig. Ar an taobh eile feicfidh tú cosán, a thógann ar ais chuig an bóthar tarra tú, tríd an mbaile. Cas ar chlé san áit a mbuaileann an bóthar seo leis an mbóthar mór. Ó thuaidh á trá álainn Bhearna na gCapall **(1)**, áit bhfuil páirc charbháin agus campála. Tá dúnta ar dhá cheann de na cinntíre níos fuide siar. Seasann Sliabh Mór amach ar an tírdreach anseo. Siar ó ofifg a' phoist déan do bhealach go dtí Trá Pholl a; Mhadaidh. Lean an trá I dtreo an Strand Hotel **(2).** Ar an mbóthar cas ar dheis agus ansin ar chlé. Ritheann an bóthar seo gar don Lonnaíocht Misiúin **(3).** Connigh ort díreach ar ais chuig Óstán Slievemore.



Turasóireacht Acla
Caiseal, Acaill, Co. Mhaigh Éo
Teil: 098 47353
www.achilltourism.com

Siúlóid F (p. 2)

Pointí suimiúla:

(1) Sa t-sean am d'iompraíodh na capaill an fheamainn ón dtráigh go dtí an talamh. Baineadh úsáid as mar leasachán.

(2) Siar ó thuaidh ó Óstán an **Strand Hotel** tá céibh bheag, áit a mbíonn turasanna eagraithe go dtí Uaimh na Rón (curi ceist go háitiúil le haghaidh tuilleadh eolais).

(3) Cumannan Mhisiún Eaglaise: Bunaigh an Ministir Edward Mangle lonnaíocht Phrostastúnach I nDumhach Gort in 1831 lena mhíle dhícheall a dhéanamh an pobal Caitlieach a mhealladh isteach sa Chreideamh Protastúnach. Ba é an chéad cheann riamh dá chineál a bhain úsáid as an dteanga Ghaeilge.

In 1832 thóg an Mhisiúin léas ar 130 acra talmhaigh ón tiarna talún áitiúil Riocaird Ó Domhnaill. Faoin mbliain 1835 bhí meadú tagtha ar an lonnaíocht agus tógadh eaglais agus scoileanna. Níos moille d'fhoilsigh siad a nuachtán féin 'The Achill Missionary Herald and Western Witness'. Faoin mbliain 1842 bhí muileann, stór gráin, siopa crua-earraí, ospidéal beag, dílleachtlann, óstán Chaitliceachta áitiúla agus an Misiún nua maidir le oideachas na bpáistí. I rith blianta an Ghorta Mhóir cuireadh i leith na misineirí go raibh siad ag baint úsáid as an ngéarchéim leis na Caitlicigh a mhealladh isteach sa Chreideamh Protastúnach. Faoin mbliain 1851 ba é an Misiún an tiarna talún ba tabhachtaí in Acaill, a raibh seilbh acu ar trí chuigiú den oileáin.

Faoi dheireadh chuir an t-Easpag Seán Mac Éil (Leon an Iarthair) feachtas ar bun chun na daoine a thabhairt ar ais chuig an creideamh Caitliceach. Sa mbliain 1850-51 bhunaigh na Proinsiasaigh mainistir agus scoil ag Bun a' Choire. Mhair sí go deireadh na seascaidí agus ansin tréigeadh í. I rith na n-ochtoidí tháinig deireadh le Misiún Acla, nuair a chuir Acht Talún Gladstone 1881 brú ar airgeadas on Mhisiúin. Ag an am céanna mhéadaigh ar an imirce as Acaill agus tháinig laghdú ar spioraid na Misinéireachta. Fuair an Ministir Nangle bás in 1883.

(4) Tá **eaglais Naomh Thomáis** (Eaglais na hÉireann) suite le taobh an phríomh-bhóthair soir ó thuaidh ó Ostán Slievemore.